An Ghaeilge i dTeach Laighin

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi stádas na Gaeilge sa pholaitíocht. Féach ar an tuairisc uair amháin agus pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat:

Cé mhéad den eolas a d'éirigh leat a thuiscint, bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

Ceist 2 Seo stór focal a bhí le cloisteáil sa tuairisc. Ag obair leis an duine in aice leat ceangal na focail ar chlé leis na focail ar dheis.

1. fluent Irish	(a) a ghríosú
2. leaders	(b) sochaí
3. the main political parties	(c) ceannairí
4. commentator	(d) an díospóireacht
5. recognition	(e) leas
6. a central part	(f) a ré
7. society	(g) tráchtaire
8. appointed	(h) cuspóirí
9. his duration/era	(i) Gaeilge líofa
10. to encourage	(j) aitheantas
11. to inspire	(k) cuid lárnach
12. aims	(l) an teanga oifigiúil
13. the debate	(m) ceaptha
14. the official language	(n) na príomhpháirtithe polaitíochta
15. benefit	(o) a spreagadh

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14	15
i														

Ceist 3 Féach ar an tuairisc don dara huair. An bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach?

1. Don chéad uair i stair na tíre tá Gaeilge líofa ag na mórcheannairí polaitíochta anois. **Fíor/Bréagach**

2. Ba léir ó óráid Brian Cowen nach mbeadh aon tábhacht ag baint leis an nGaeilge ina ré. **Fíor/Bréagach**

3. Tá níos mó cainteoirí Gaeilge ag Fine Gael ná aon pháirtí eile. **Fíor/Bréagach**

4. Níl ach 20% de pholaiteoirí Fhianna Fáil in ann an Ghaeilge a labhairt. **Fíor/Bréagach**

5. Tá an Ghaeilge ina teanga oifigiúil san Aontas Eorpach ó thús na bliana seo caite. **Fíor/Bréagach**

Ceist 4 (a) Bhí an uimhir iolra de na focail seo thíos le cloisteáil sa tuairisc, cad iad?

ceannaire	_____
príomhpháirtí	_____
Teachta Dála	_____
tráchtaire	_____
cuspóir	_____
comhghleacaí	_____
Gaeilgeoir	_____
rud	_____

(b) Tá patrún le feiceáil leis na focail thuas san uimhir iolra, cad é?

Ceist 5 (a) Cén uair a úsáidtear na huimhreacha seo a leanas:

Na horduimhreacha
Na huimhreacha pearsanta

(b) Bain úsáid as an fhocal ‘uair’ leis na rialacha a bhaineann leis na horduimhreacha a léiriú ó 1-10.

(c) Bain úsáid as an fhocal ‘polaiteoir’ leis na rialacha a bhaineann leis na huimhreacha pearsanta a léiriú ó 1-10.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén tábhacht a bhaineann le Gaeilge a bheith ag ceannairí na tíre?
An síleann tú go mbeidh an Ghaeilge mar theanga oibre sa Dáil choíche?
Ar cheart go mbeadh an Ghaeilge éigeantach sa chóras scolaíochta?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le plé sula gcuirtear an mhír ar siúl.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14	15
i	***c***	***n***	***g***	***j***	***k***	***b***	***m***	***f***	***o***	***a***	***h***	***d***	***l***	***e***

Ceist 3
Fíor
Bréagach
Bréagach
Fíor
Fíor

Ceist 4

(a)	ceannaire	*ceannairí*
	príomhpháirtí	*príomhpháirtithe*
	Teachta Dála	*Teachtaí Dála (teachtaithe)*
	tráchtaire	*tráchtairí*
	cuspóir	*cuspóirí*
	comhghleacaí	*comhghleacaithe*
	Gaeilgeoir	*Gaeilgeoirí*
	rud	*rudaí*

(b) Tá na deirí céanna ag na grúpaí seo:

- ceannairí, Teachtaí, tráchtairí, cuspóirí, Gaeilgeoirí agus rudaí
- príomhpháirtithe agus comhghleacaithe

Ceist 5

(a) Na horduimhreacha – the 1st, the 2nd, the 3rd agus araile
Na huimhreacha pearsanta – ag comhaireamh daoine

(b) <u>Na horduimhreacha</u>
An chéad uair
An dara huair
An tríú huair
An ceathrú huair
An cúigiú huair
An séú huair
An seachtú huair
An t-ochtú huair
An naoú huair
An deichiú huair

(c) <u>Na uimhreacha pearsanta</u>
Polaiteoir amháin
Beirt pholaiteoirí
Triúr polaiteoirí
Ceathrar polaiteoirí
Cúigear polaiteoirí
Seisear polaiteoirí

Seachtar polaiteoirí
Ochtar polaiteoirí
Naonúr polaiteoirí
Deichniúr polaiteoirí

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Don chéad uair i stair na tíre tá Gaeilge líofa ag ceannairí na bpríomhpháirtithe polaitíochta ar fad anois. Cé nach labhraíonn ach níos lú ná an cúigiú cuid de na Teachtaí Dála Gaeilge líofa, deir tráchtairí gur ré nua é seo ó thaobh aitheantais don teanga mar chuid lárnach dár sochaí. Seo í Grett O'Connor.

Grett O'Connor
Sa chéad óráid a thug Brian Cowen tar éis dó a bheith ceaptha mar cheannaire ar Fhianna Fáil thug sé le fios go mbeadh blas Gaelach ar a ré mar Thaoiseach.

Brian Cowen
Is é atá á mholadh agam ná stádas na teanga a ardú agus sochaí na tíre a spreagadh agus a ghríosú chun cuspóirí ár sinsear a bhaint amach.

Grett O'Connor
Tá an Ghaeilge ar a thoil ag ceannaire Pháirtí an Lucht Oibre Éamonn Gilmore chomh maith. Agus labhraíonn ceannaire Fhine Gael, Enda Kenny, an Ghaeilge go rialta. Ach níl a lán dá gcomhghleacaithe i dTeach Laighin ábalta iad a fhreagairt. Seachtó seacht Teachta Dála atá ag Fianna Fáil, níl Gaeilge líofa ach ag cúigear déag acu, sin fiche faoin gcéad. Tá fiche faoin gcéad de Theachtaí* an Lucht Oibre in ann Gaeilge a labhairt freisin. Cúigear as fiche. Níl ach cúigear Gaeilgeoirí as caoga a haon ag Fine Gael.

Tomás Ó Ceallaigh, Léachtóir le Cumarsáid GMIT
Má tá siad dáiríre mar gheall air caithfidh siad rudaí tábhachtacha a rá i nGaolainn. Agus, is dóigh liom gur léiríodh é sin an tseachtain seo caite nuair a bhí an díospóireacht idir Brian Cowen agus Enda Kenny, gur tharla sé le linn cheisteanna ar an Taoiseach, nó ar cheannaire an rialtais, agus gur chuir daoine suim ann dá bharr sin.

Grett O'Connor
Tá an Ghaeilge ina teanga oifigiúil againn ó bunaíodh an stáit agus ina teanga oifigiúil san Aontas Eorpach ó thus na bliana seo caite. Mar is léir ón áit ina bhfuilim i mo sheasamh tá stair fhada chraoltóireachta ag an nGaolainn ach anois ós rud é go bhfuil triúr de mhórcheannairí polaitíochta an stáit in ann í a labhairt b'fhéidir go gearr go mbainfear leas aisti mar theanga oibre i dTithe an Oireachtais. Grett O'Connor, Nuacht TG4, i mBaile na hAbhann, i gContae na Gaillimhe.

* *teachtaithe* a deirtear